

# ATHBHREITHNIÚ NEAMHSPLEÁCH AR AN OIDEACHAS I dTUAISCEART ÉIREANN

## ANAILÍS AN tSUIRBHÉ





# Clár

Cúlra.. . . . .	1
Freagraí .. . . . .	3
Cuspóir an oideachais.. . . . .	5
Réimsí ina bhfuil easaontas . . . . .	5
Réimsí sa bhreis le cur ann.. . . . .	7
Tráchta euke .. . . . .	10
Dea-chórais .. . . . .	11
Réimsí ina bhfuil easaontas . . . . .	11
Réimsí sa bhreis le cur ann.. . . . .	13
Tráchta eile .. . . . .	15
Buanna . . . . .	17
Laigí .. . . . .	25
Laigí agus buanna.. . . . .	33
Tosaíochtaí . . . . .	34
Turás Oideachais .. . . . .	34
Tacaíocht do Scoileanna .. . . . .	45
An chóras ina iomláine .. . . . .	56
Aon chóras amháin .. . . . .	64
Saincheisteanna eile .. . . . .	70
Suirbhé CYP.. . . . .	71
Cad é an rud is fearr leat faoin scoil?.. . . . .	71
Cad é an rud is measa faoin scoil? .. . . . .	71
Cad é a d'athrófá faoin scoil?.. . . . .	72
Rud ar bith eile le rá? .. . . . .	72



## Cúlra


1. An Painéal atá ag tabhairt faoin Athbhreithniú Neamhspleách ar an Oideachas, sheol sé suirbhé ar an 9 Nollaig, arbh fhéidir freagraí a thabhairt dó go dtí an 4 Feabhra 2022. Bhí é mar chuspóir ag an suirbhé dearcthaí tosaigh ar chuspóir an oideachais a bhailiú, ar chóras maith a shainiú, ar na buanna agus na laigí sa chóras oideachais atá ann faoi láthair agus ar na tosaíochtaí don Athbhreithniú. Is é atá i gceist leis an tsuirbhé ná cuidiú le struchtúr a thabhairt do phlean oibre an Phainéil agus cuidiú le smaointeoireacht ar fhís agus ar phríomhréimsí fiosraithe.
2. Bhí an suirbhé ar fáil ar shuíomh gréasáin Athbhreithniú Neamhspleách an Oideachais agus fógraíodh go poiblí é tríd na meáin shóisialta; litreacha agus bileoga chuig scoileanna agus coláistí; comhfhreagras le páirtithe leasmhara oideachais; agus sna meáin áitiúla. I dteannta an phríomhshuirbhé, bhí leagan níos giorra ar fáil a bhí dírithe ar pháistí san aoisghrúpa bunscoile. Bhí suirbhéanna ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge.
3. San iomlán, fuarthas **1234** freagra ar an phríomhshuirbhé agus **98** ar an leagan do pháistí.
4. Cumhdaíodh na téamaí seo a leanas sa tsuirbhé
  - a. Cad atá i gceist le hoideachais maith?
  - b. Buanna an oideachais i dTuaisceart Éireann.
  - c. Laigí an oideachais i dTuaisceart Éireann.
  - d. Ceisteanna tosaíochta don Athbhreithniú.
5. I dteannta an tsuirbhé, fuarthas roinnt aighneachtaí scríofa; tá an anailís air sin agus an anailís ar an suirbhé neamhspleách óna chéile. Bhuail an Painéal le páirtithe éagsúla fosta le heolas a dhéanamh dá smaointeoireacht ar na réimsí tosaíochta atá le fiosrú.
6. Tá achoimre ar phríomhthorthaí an tsuirbhé le feiceáil thíos. Códáíodh na freagraí téacsbhunaithe ar na ceisteanna de réir téama le cuidiú leis an anailís. Faightear léargas sna torthaí a bhí fóinteach don Phainéal agus é ag forbairt a chuid smaointeoireachta ar phríomhcheisteanna agus tosaíochtaí,

ach níl aon léiriú ann gur sampla ionadaíoch é seo do Thuaisceart Éireann ina iomláine. Ina theannta sin, go pointe áirithe, ba ghá le roinnt léirmhíthe a chur i bhfeidhm ar chuid de na freagraí.

7. Tá cáilíocht dearbhaithe agus comhairle tugtha ag Príomhstaitisteoir na Roinne Oideachais maidir le hullmhú agus léirmhíniú anailís an tsonraí ón tsuirbhé.


## Freagraí

8. Bhí **1234** freagra ar an tsuirbhé (trí cinn i nGaeilge san áireamh), **1132** (91.7%) ó dhaoine aonair agus **102** (8.3%) ar son eagraíochtaí.
9. Bhí catagóirí na ndaoine aonair a thug freagra ar an tsuirbhé, mar seo a leanas.



Rogha	Iomlán	Faoin gcéad
Tuismitheoir nó cúramóir	494	43.6%
Múinteoir, léachtóir, taighdeoir nó gairmí loideachais de chineál eile (e.g. oibrí/cleachtóir óige, cleachtóir luathbhlianta etc.)	336	29.7%
Dalta scoile	74	6.5%
Duine den phobal i gcoitinne	67	5.9%
Ball de Bhord Gobharnóirí scoile nó coláiste	58	5.1%
Duine eile atá fostaithe i réimse an oideachais e.g. cúntóir ceaintín, glantóir, tiománaí bus, cúntóir ranga	43	3.8%
Catagóir eile - iarrtar ort é a chur in iúl	27	2.4%
Mac léinn ar coláiste	19	1.7%
Mac léinn ar ollscoil	7	0.6%
Duine nár fhreagair an cheist faoi cén catagóir ina bhfuil sé/sí	7	0.6%
<b>Iomlán</b>	<b>1132</b>	<b>100%</b>

10. Bhí catagóirí na ndaoine aonair a thug freagra ar an tsuirbhé, mar seo a leanas.



Option	Total	Percent
Scoil, coláiste, nó comhlacht eile oideachais	58	56.9%
Eagraíocht Charthanachta, Phobail nó Dheonach	21	20.6%
Catagóir eile - iarrtar ort a bhfuil faoi chúram d'eagraíochta a chur in iúl	8	7.8%
Daoine gan fhreagra	5	4.9%
Comhlacht earnála Oideachais	5	4.9%
Grúpa Páistí agus Duine Óig	2	2.0%
Ceardchumann	2	2.0%
Páirtí Polaitíochta	1	1.0%
<b>Iomlán</b>	<b>102</b>	<b>100%</b>

11. Níor thoiligh 237 de na freagróirí a dtráchtá a fhoilsiú. Ní fuarthas aon cheann de na tráchtá dá dtagraítear sa tuarascáil sin ó na 237 freagróir seo.



## Cuspóir an Oideachais

12. Cuireadh an liosta seo a leanas ar fáil do fhreagróirí mar mholadh i dtaca le cur síos a dhéanamh ar oideachas mhaith.

Mar thoradh ar oideachas maith á fháil acu, ba cheart páistí agus daoine óga a bheith ábalta:

- Lánacmhainneacht a bpearsantachta, a dtallanna agus a gcumas fhisiciúil agus a gcumas meabhraigh a fhorbairt.
- A bhfeasacht mhorálta agus spioradálta a fhorbairt mar aon le scileanna pearsanta, sóisialta agus mothúchána.
- Éirí uailmhianach agus cumasach mar fhoghlaimoír, agus a bheith réidh le foghlaim ar feadh an tsaoil.
- Éirí sláintiúil agus muinteach mar dhuine.
- Éirí eiticiúil agus eolach mar shaoránach de chuid Thuaisceart Éireann agus dendumhain.
- A bheith sásta lánpháirt a ghlacadh sa tsaol agus san obair agus dul i dtáthí ar aon athrú.
- A bheith ag súil le todhchaí níos fearr dá bpobal agus an tsochaí i gcoitinne agus a bpáirt a ghlacadh chun é a bhaint amach.

13. Fiafraíodh de fhreagróirí:

- a. An raibh gnéithe ar bith sa chur síos nár aontaigh siad leo?
- b. An raibh ráitis ar bith ar mhaith leo cur leis an chur síos?
- c. An raibh rud ar bith eile ar mhian leo a rá faoin chur síos seo?

## Réimsí ina bhfuil easaontas

14. Léirítear san anailís gur aontaigh 970 freagróir leis an tsainmhíniú a cuireadh ar fáil agus sainithníodh 264 freagra nár aontaigh go sonrach le gné nó gnéithe den sainmhíniú molta.

15. Leis na príomhthéamaí (rudaí neamhbheo iad príomhthéamaí - mar d'úsáid mé a 'leis' agus saorbhriathar) a sainithníodh trí anailís a dhéanamh, cuireadh in iúl gurb é an réimse is mó ina raibh easaontas ná **'A bhfeasacht mhorálta agus spioradálta a fhorbairt mar aon le scileanna pearsanta, sóisialta agus mothúchána.'** Ba é sin an téama is mó a tháinig chun cinn arís is arís eile. Ba mhian le cuid mhór díobh siúd a d'ardaigh an cheist seo go mbainfear an bhéim ar **'feasacht spioradálta'** amach.
16. San iomlán rinneadh 51 trácht ar **'bain feasacht spioradálta amach'**, roinnte de réir mar a leanas:
- 31 trácht ó Thuismitheoir/Cúramóir
  - 13 thrácht ó Mhúinteoir
  - 3 thrácht ó Dhuine den Phobal i gcoitinne
  - 3 trácht ó Dhuine éigin eile
  - 1 trácht ó Bhall de Bhoird Gobharnóirí Scoile/Coláiste
17. Ba iad na réimsí eile easaontais a sainithníodh ná an gá le **'deireadh a chur le reiligiún ar scoil'** (11 trácht) agus an gá le **'saincheist na sláinte meabhraí a chur chun cinn / a chur san áireamh'** (6 thrácht).
18. Tá sampla de na freagraí le feiceáil thíos mar áis léirithe.

*'Feasacht spioradálta - Ba cheart reiligiún a fhágáil ar lár as an oideachas mar tá scoilt sa phobail mar thoradh.'*

Múinteoir

*'Is rud é feasacht spioradálta nach ceart a fhorbairt ar scoil. Níl an fheasacht mhorálta chomh hachrannach ach le roinnt cóid Chríostaí seans go gcoinneofaí amach daoine atá difriúil ó thaobh creidimh, inscne agus gnéasachta de.'*

Tuismitheoir/Cúramóir

*'Creidim nach bhfuil aon ghnó san oideachas do theagasc reiligiúnach seachas comhrá faoi ghlacadh le creidimh agus cúlra daoine agus na creidimh agus na cúlraí sin a mheas.'*

Mac léinn sa Choláiste

*'I bpointe a haon luaitear a bpearsantacht, a dtallanna agus a gcumais fisiciúla agus meabhraigh, ach sílim go bhfuil sé tábhachtach go luaitear na rudaí sin i bpointe a ceathair fosta. Is focal í sláinte a bhfuil níos mó na brí amháin léi.'*

Múinteoir

*'Aontaim lena luadh thíos ach sílim go bhfuil sé an-tábhachtach go gcuirtear oiliúint faoi shláinte mheabhrach ar gach páiste agus duine óg atá san oideachas.... is é an chúis a deirim sin ná le dhá bhliain anuas tá daoine óga faoi mhíbhuntáiste de thairbhe na paidéime.'*

Comhlacht earnála an Oideachais

## Réimsí sa bhreis le cur ann

19. Maidir leis na cásanna inar mian le freagróirí ceisteanna nó pointí nua curtha le sainmhíniú ar chuspóir an oideachais, bhí **543** freagra ann mar mholtaí sonracha faoi choinne sainmhínithe nua.
20. I measc na bpríomhthéamaí a bhí le feiceáil le linn na hanailíse bhí cur chun cinn **teacht aniar** agus **measa**. Ar a bharr sin tharraing freagróirí aird ar an ghá le níos mó béime a chur ar an tsláinte mheabhrach; smaointeoireacht chriticiúil; scileanna saoil, agus feasacht ar an chomhshaol le bheith curtha leis an chuntas.
21. San iomlán rinneadh 38 dtrácht ar **'teach aniar'**, roinnte de réir mar a leanas;
  - a. 19 dtrácht ó Múinteoirí
  - b. 10 dtrácht ó Tuismitheoir/Cúramóir
  - c. 5 thrácht ó Ball de Bhoird Gobharnóirí Scoile/Coláiste
  - d. 3 dhuine gan fhreagra
  - e. 1 Eile
22. San iomlán rinneadh 37 trácht ar **'meas'**, roinnte de réir mar a leanas;
  - a. 15 thrácht ó Tuismitheoirí/Cúramóir

- b. 7 dtrácht ó Múinteoirí
  - c. 5 thrácht ó Ball de Bhoird Gobharnóirí Scoile/Coláiste
  - d. 4 Eile
  - e. 3 thrácht ó Duine den Phobal i gcoitinne
  - f. 3 dhuine gan fhreagra
23. San iomlán rinneadh 20 trácht ar **'sláinte mheabhrach'** roinnte de réir mar a leanas;
- a. 7 dtrácht ó Tuismitheoir/Cúramóir
  - b. 7 dtrácht ó Duine den Phobal i gcoitinne
  - c. 3 thrácht ó Múinteoirí
  - d. 2 thrácht ó Mac léinn sa Choláiste
  - e. 1 trácht ó Ball de Bhoird Gobharnóirí Scoile/Coláiste
24. San iomlán rinneadh 19 dtrácht ar **'smaointeoireacht chriticiúil'**, roinnte de réir mar a leanas;
- a. 10 dtrácht ó Tuismitheoir/Cúramóir
  - b. 4 thrácht ó Múinteoirí
  - c. 2 thrácht ó Ball de Bhord Gobharnóirí Scoile/Coláiste
  - d. 2 thrácht ó Duine den Phobal i gcoitinne
  - e. 1 trácht ó Daltaí Scoile
25. Tá sampla de na freagraí le feiceáil thíos mar áis léirithe.

*'Féinmheas agus muinín a fhorbairt agus teacht aniar a thógáil chun dul i ngleic leis an tsaol.'*

Tuismitheoir/Cúramóir

*‘Éirí ina nduine sláintiúil muiníneach. A bheith sásta lánpháirt a ghlacadh sa tsaol agus san obair agus teacht aniar a fhorbairt le dul i dtáithí ar an domhan a bhíonn de shíor ag athrú. A bheith ag súil le todhchaí níos fearr dá bpobal agus don tsochaí i gcoitinne agus don chruinne agus a bpáirt a ghlacadh chun é a bhaint amach. (‘chun’ seachas ‘le’ le mearbhall faoi ‘glacadh leis’ a sheachaint).’*

Múinteoir

*‘Tuiscint agus meas a chothú ar an tábhacht atá le héagsúlacht taobh istigh den seomra ranga agus den tsochaí. Cumais éagsúla, cultúir éagsúla, tuairimí éagsúla agus tréithe fisiciúla agus meabhracha de chineálacha éagsúla.’*

Ball de Bhord Gobharnóirí scoile nó coláiste

*‘Ba cheart do scoileanna freagracht a ghlacadh as sáinte mheabhrach roinnt mhaith mic léinn, mar aon le daoine fásta léannta a dhéanamh a bheas úsáideach sa tsochaí. (‘mic léinn’ san ainmneach tar éis ‘roinnt’ mar gheall ar ‘léinn’ mar cháilitheoir ag teacht tar éis ‘mic’) Ní leor an méid a dhéanann scoileanna le dul i ngleic le ciníochas, seineafóibe, homafóibe, trasfhóibe, etc.’*

Dalta scoile

*‘Ba cheart do scoileanna daltaí a chur ar an eolas maidir lena sláinte ghnéis, caidrimh dhrochídeacha agus an tábhacht atá le comhthoil. Ba cheart do scoileanna an-bhéim a chur ar chomhairle a thabhairt do dhaoine óga i dtaca le haire a thabhairt dá bhfolláine mheabhrach mar dhaoine fásta san am atá le teacht.’*

Mac léinn sa Choláiste

*‘Scileanna smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt. An cumas a fhorbairt le buiséadú a dhéanamh agus á gcuid airgid a bhainistiú.’*

Tuismitheoir/Cúramóir

## Tráchtá eile

26. Tugadh deis do fhreagróirí aon eolas breise a chur ar fáil. Fuarthas 255 freagra san iomlán.

27. Go príomha tá na freagraí a ndearnadh anailís orthu ag teacht leis na téamaí sin ar tarraingíodh aird orthu i gceisteanna a cuireadh roimhe, is é sin, an tábhacht atá le feasacht ar shláinte mheabhrach agus feasacht spioradálta a bhaint. I measc na bpríomhthéamaí eile sa réimse seo bhí sainriachtanas oideachais agus an t-ullmhú don tsaol mar dhuine fásta / foghlaim ar feadh an tsaoil.
28. Tá sampla de na freagraí le feiceáil thíos mar áis léirithe.

*‘Níor cheart aon bhaint a bheith ag feasacht spioradálta san oideachas foirmiúil. Más mian le tuismitheoirí go bhfaighidh a gcuid páistí teagasc reiligiúnach ba cheart an teagasc sin a bheith ar fáil taobh amuigh den scoil nó i ndiaidh ghnáthuaireanta na scoile. Níl fonn ar bith orm mo chuid páistí a bheith ag foghlaim faoi náire na bPreispitéireach ná ciontacht na gCaitliceach.’*

Tuismitheoir/Cúramóir

*‘Ní mór tuilleadh airde a bheith ar shláinte mheabhrach na ndaltaí go háirithe le linn tréimhse na scrúduithe.’*

Dalta scoile

*‘Is ró-mhinic nach mór do mhic léinn a bhfuil sainriachtanais oideachais acu (SRO) fanacht sula gcuirtear i bhfeidhm idirghabhálacha nó cuidiú ag an leibhéal cuí.’*

Duine eile atá fostaithe i réimse an oideachais  
e.g. cúntóir ceaintín, glantóir, tiománaí bus, cúntóir ranga

*‘B’fhéidir go gcuirfí focail bhreise isteach i dtaca le scileanna a fheabhsú agus freagracht a ghlacadh as foghlaim ar feadh an tsaoil. Tá gnéithe den mhuinín tábhachtach anseo i dTuaisceart Éireann mar tá daoine ar bhuail mé leo inár sochaí nach bhfuil féinmhuinín acu.’*

Múinteoir

*‘Páistí ar páistí cliste iad, tá siad faoi mhíbhuntáiste toisc nach bhfaigheann siad an tacaíocht bhreise atá de dhíth orthu i scoileanna - mar nach bhfuil múinteoirí ar an eolas faoin dóigh le páistí a bhfuil disléicse orthu a shainaithint.’*

Tuismitheoir/Cúramóir

## Dea-Chórais

29. Cuireadh an liosta seo a leanas ar fáil do fhreagróirí mar mholadh i dtaca le cur síos a dhéanamh ar dhea-chórais le haghaidh oideachas, oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil do pháistí agus daoine óga i dTuaisceart Éireann:
- Úsáid éifeachtúil éifeachtach a bhaint as acmhainní.
  - Comhionannas deise a chur chun cinn.
  - Caidrimh mhaithe pobail a chur chun cinn.
  - Meas ar fhéiniúlacht, éagsúlacht agus aontacht sa phobal a chur chun cinn.
  - Meas a léiriú ar fhéiniúlacht chultúrtha, teanga agus luachanna páistí agus ag a dteaghlaigh.
  - Gach rud is féidir a dhéanamh ionas gur féidir le páistí oideachas a fháil de réir rogha na dtuismitheoirí / an duine óig.
  - Riachtanais an gheilleagair agus fostóirí i dTuaisceart Éireann agus níos faide ar shiúl a chomhlíonadh.
  - Muintir agus iontaoibh mhuintir Thuaisceart Éireann a fháil.
30. Fiafraíodh de na freagróirí:
- a. An raibh gnéithe ar bith sa chur síos nár aontaigh siad leo?
  - b. An raibh ráitis ar bith ann ar mhaith leo cur leis an chuntas?
  - c. An raibh rud ar bith eile ar mhian leo a rá faoin chur síos seo?

## Réimsí ina bhfuil easaontas

31. Ach anailís a dhéanamh léiríodh gur aontaigh **951** freagróirí leis an sainmhíniú a cuireadh ar fáil agus sainaithníodh **283** freagra nár aontaigh go sonrach le gné nó gnéithe den sainmhíniú molta.
32. Leis na príomhthéamaí a sainaithníodh ach anailís a dhéanamh, cuireadh in iúl gurbh iad na réimsí is mó ina bhfuil easaontas ná **rogha tuismitheoirí, riachtanais an gheilleagair, chomhionannas deise agus úsáid acmhainní.**

33. San iomlán rinneadh 28 dtrácht ar “geilleagar” nó “riachtanais an gheilleagair”, roinnte de réir mar a leanas:
- a. 9 dtrácht ó Mhúinteoir
  - b. 6 thrácht ó Thuismitheoir/Cúramóir
  - c. 3 thrácht ó Bhall de Bhord Gobharnóirí scoile nó Coláiste
  - d. 3 thrácht ó Dhuine den Phobal i gcoitinne
  - e. Duine gan fhreagra
  - f. 3 thrácht ó Dhuine éigin eile
  - g. 1 trácht ó Mhac léinn sa Choláist
34. San iomlán rinneadh 27 dtrácht ar ‘rogha tuismitheoirí’, roinnte de réir mar a leanas:
- a. 13 thrácht ó Mhúinteoirí
  - b. 6 thrácht ó Thuismitheoir/Cúramóir
  - c. 3 thrácht ó Dhuine éigin eile
  - d. 2 thrácht ó Dhuine den Phobal i gcoitinne
  - e. 2 thrácht ó Dhuine den Phobal i gcoitinne
  - f. 1 trácht ó Bhall de Bhord Gobharnóirí scoile nó Coláiste
35. San iomlán rinneadh 10 dtrácht ar ‘chomhionannas deise’, roinnte de réir mar a leanas:
- a. 4 thrácht ó Thuismitheoir/Cúramóir
  - b. 5 thrácht ó Mhúinteoir
  - c. 1 trácht ó Dhaltaí Scoile
36. San iomlán rinneadh 9 dtrácht ar ‘úsáid acmhainní’, roinnte de réir mar a leanas:
- a. 3 thrácht ó Thuismitheoir/Cúramóir
  - b. 2 thrácht ó Mhac léinn sa Choláiste



- c. 2 thrácht ó Mhúinteoir
  - d. 1 thrácht ó Dhuine éigin eile
  - e. 1 thrácht ó Dhuine éigin eile atá fostaithe san oideachas
37. Tá sampla de na freagraí le feiceáil thíos mar áis léirithe.

<p><i>‘Cé gur rud riachtanach é an comhionannas deise, níor cheart, mar thoradh air sin, deis a bhaint de pháistí éirimiúla ó thaobh na hacadúlachta de freastal ar scoileanna amhail scoileanna gramadaí.’</i></p> <p style="text-align: right;">Tuismitheoir/Cúramóir</p>
<p><i>‘Níor cheart do thuismitheoirí an rogha a dhéanamh, seans go mbeadh tuairim acu, ach ní cheart tionchar a bheith acu ar rogha páiste.’</i></p> <p style="text-align: right;">Dalta scoile</p>
<p><i>‘Tuigim an réasúnaíocht ach ní aontóinn gur cheart riachtanais an gheilleagair agus fostóirí a bheith curtha san áireamh mar thosaíocht. Seans go dtabharfaí tús áite gan choinne dó sin in ionad na ngnéithe tábhachtacha eile den fhoghlaim agus den fhorbairt.’</i></p> <p style="text-align: right;">Ball de Bhord Gobharnóirí Scoile nó Coláiste</p>
<p><i>‘Tá mé míshuaimhneach faoin chiall taobh thiar de “úsáid éifeachtach éifeachtúil acmhainní”. Más ionann é sin agus blocanna sé seachtaine d’idirghabhálacha nach dtéann i ngleic le riachtanais an duine óig nó critéir dhochta á húsáid le dearbhú cén duine a fhaigheann an t-aire”, ní aontaím. Is é atá de dhíth orainn ná idirghabháil a oibríonn a chur i bhfeidhm. Ní fhaigheann muid meas ná iontaoibh.... Ní mór iad a thuilleamh.’</i></p> <p style="text-align: right;">Múinteoir</p>

### Réimsí sa bhreis le cur ann

38. Maidir leis na cásanna inar mian le freagróirí ceisteanna nó pointí nua curtha leis an chuntas ar an oideachas, bhí 365 freagra mar mholtaí sonracha do shainmhínithe nua.

39. I measc na bpríomhthéamaí a sainithníodh le linn na hanailíse bhí cur chun cinn **measa**, an tábhacht atá le **hacmhainní** agus an gá le smaoineamh ar **an imeascadh**.
40. San iomlán rinneadh 21 trácht ar **'meas'**, roinnte de réir mar a leanas:
- 8 dtrácht ó Thuismitheoir/Cúramóir
  - 6 thrácht ó Mhúinteoir
  - 2 gan fhreagra
  - 2 trácht ó Dhuine éigin eile
  - 1 trácht ó Bhall de Bhoird Gobharnóirí Scoile/Coláiste
  - 1 trácht ó Dhuine éigin eile atá Fostaithe san Oideachas
  - 1 trácht ó Mhac léinn sa Choláiste
41. San iomlán rinneadh 18 dtrácht ar **'acmhainní'**, roinnte de réir mar a leanas:
- 13 thrácht ó Mhúinteoir
  - 3 thrácht ó Thuismitheoir/Cúramóir
  - 2 thrácht ó Bhall de Bhoird Gobharnóirí Scoile/Coláiste
42. San iomlán rinneadh 16 thrácht ar **'imeascadh'**, roinnte de réir mar a leanas:
- 6 thrácht ó Thuismitheoir/Cúramóir
  - 4 thrácht ó Mhúinteoir
  - 3 gan fhreagra
  - 1 trácht ó Bhall de Bhoird Gobharnóirí Scoile/Coláiste
  - 1 trácht ó Duine den Phobal i gcoitinne
  - 1 Eile

43. Tá sampla de na freagraí le feiceáil thíos mar áis léirithe.

*Bíodh meas agat ar fhéiniúlacht agus chultúir daoine eile agus foghlaim fúthu.'*

Duine éigin eile atá Fostaithe san Oideachas

*'Ba cheart dó riachtanas aonair gach páiste a chomhlíonadh agus tacú leo mar is cheart; ach úsáid a bhaint as modhanna agus acmhainní atá fóirsteanach dá stíl foghlama.'*

Tuismitheoir/Cúramóir

*'Oideachas a chur ar gach páiste sa seomra ranga céanna gach lá beag beann ar chreideamh / easpa creidimh etc.'*

Múinteoir

### Tráchtá eile

44. Tugadh deis do fhreagróirí aon eolas breise a chur ar fáil. Fuarthas 220 freagra san iomlán.
45. Go príomha bhí na freagraí a ndearnadh anailís orthu ag teacht leis na téamaí sin ar tarraingíodh aird orthu i gceisteanna a cuireadh roimhe, mar atá, an tábhacht atá le **meas**, **éagsúlacht** agus **maoiniú**.
46. Tá sampla de na freagraí le feiceáil thíos mar áis léirithe.

*'Ní mór an fhoclaíocht ar dhea-chaidrimh agus ar éagsúlacht a leathnú le léiriú gurb ann do pháistí a bhfuil SRO acu agus a gcuid riachtanais agus na bpáistí sin a shonrú agus na constaicí atá roimh ár bpáistí a bhfuil SRO acu sin i dtaca le comhionannas deise agus ionchuimsiú ina bpobal - lena samhlaítear ar scoil agus ar oideachas i dTuaisceart Éireann.'*

Eagraíocht Carthanachta, Phobail nó Dheonach

*'Is iomaí ciall mhíchuí atá tar éis teacht ar fhocail amhail "meas", "éagsúlacht", "féiniúlacht" agus "comhionannas" agus/nó ionchais daoine a bheith bunaithe orthu siúd. Fad is atá muid ag iarraidh fíorluachanna a spreagadh seachas luachanna bréagacha rachaidh sé sin chun sochair do na páistí.'*

Tuismitheoir/Cúramóir

*'Níl na hardchritéir réalaíoch le rochtain a thabhairt do mhúinteoirí rochtain ar an tacaíocht sheachtrach do páistí. Tá iarmhairt dhochrach ag teacht ar ár bpáistí de bharr líon mór na ndaltaí i ranganna agus de dheasca thearcmhaoiniú na scoileanna.'*

Múinteoir

*"Comhionannas deise" - le blianta fada anois tá mo pháistí ag freastal ar scoil a fhaigheann i bhfad níos lú maoinithe ná scoileanna den mhéid chéanna i gceantair eile e.g. Béal Feirste. Is neamhchothrom í an fhoirmle mhaoinithe atá ann faoi láthair. Na páistí siúd a n-íocann a dtuismitheoirí cáin, tá sé tuillte acu go gcaitear leo chomh cothrom agus a chaitear le páistí nach n-íocann a dtuismitheoirí cáin.*

Tuismitheoir/Cúramóir


## Buanna

### Achoimre agus cur chuige

47. Iarradh ar fhreagróirí smaoineamh ar cad iad na trí rud is fearr a shamhlaíonn siad faoin oideachas i dTuaisceart Éireann sa lá atá inniu ann. Chomhlánaigh gach duine de na 1,234 freagróir an chuid seo den tsuirbhé; bíodh sin mar atá, rinneadh roinnt freagraí a thairbhíodh mar “N/B” (rud nár bhain le ábhar). Bhí roinnt bheag freagraí, mar a tharlaíonn, ar cháintí ar an chóras reatha iad. San iomlán, bhí 2,791 freagra bailí ann.
48. Rinneadh plé agus anailís ar na freagraí. Le cuidiú leis an anailís agus leis an chainníochtú, sannadh cóid do na freagraí, cóid a raibh baint acu leis an phríomhphointe / príomhcheist a sainithníodh. Dá thairbhí sin bhíodh ábalta sraith téamaí a tháinig chun cinn arís is arís eile a shainithint agus an méid tacaíochta do gach bua a thomhas.
49. Úsáideadh breis agus 300 cód aonair le linn na chéad anailíse. Cuireadh i ngrúpaí iad de réir 23 théama mar a leanas:
  - a. Roghnú ar bhonn acadúil / scoileanna gramadaí;
  - b. Inrochtaine / scoileanna áitiúla / comhionannas / infhaighteacht / pobal / scoileanna beaga / líon beag daltaí i ranganna / uileghabhálacht;
  - c. Caitliceach / éiteas Críostaí / scoileanna creidimh / reiligiún;
  - d. Rogha de chineál scoile / éagsúlacht;
  - e. Rogha d’ábhair / conair / deiseanna;
  - f. Comhoibriú agus comhpháirtíochtaí;
  - g. Curaclam, measúnú, scrúduithe agus cáilíochtaí;
  - h. Foghlaim luathbhlianta agus súgradhbhunaithe;
  - i. Gníomhaíochtaí seach-churaclaim, spórt agus folláine coirp;
  - j. Saor in aisce (Béilí Scoile agus Modh Iompair Saor in aisce san áireamh);
  - k. Breisoideachas agus Ardoideachas;
  - l. Caighdeán arda / gnóthachtáil / torthaí maithe / ionchais / oideachas d’ardchaighdeán;
  - m. Imeachadh / oideachas comhroinnte / dea-chaidrimh / trasphobal;
  - n. Eile (breis agus 80 fothéamaí lena n-áirítear acmhainní teagaisc, nuálaíocht, luachanna agus sruthú);

- o. Tacaíocht ó thuismitheoirí agus ón tsochaí. (ar mhaithe le cothromaíochta d'úsáid mé an réamhfhocal;
  - p. Ullmhú faoi choinne am atá le teacht /d'obair / do ghairmí;
  - q. Daltaí, caidreamh sóisialta agus caidrimh le foireann scoile;
  - r. An timpeallacht scoile agus an t-atmaisféar atá inti / sláinte agus folláine mheabhrach / tréadchúram;
  - s. Eastát an scoile;
  - t. Scileanna / teagasc ar ábhar ar leith / úsáid na teicneolaíochta;
  - u. Cineálacha sonracha scoile (Gaelscoileanna agus Plean Dickson san áireamh);
  - v. Tacaíocht do SRO;
  - w. Lucht saothair agus caighdeán an teagaisc.
50. Léiríonn na figiúir thíos an tacaíocht a tugadh do gach ceann de na téamaí a sainaitníodh.

**Figiúr 7 Na Buanna a shainaithin na freagróirí**



## Príomhbhuanna

51. Léirítear thíos na chéad chúig bhua i measc na bhfreagróirí, agus rogha sleachta a bhaineann leo.

### Lucht saothair agus cáighdeán an teagaisc (18.8%):

<i>“Tá ardchaighdeán teagaisc ann i gcoitinne, rud atá soiléir i bhfianaise na dtorthaí atá bainte amach ag na daltaí.”</i>	Tuismitheoir nó cúramóir
<i>“Na gairmithe oideachais (múinteoirí, CR) a bhfuil fíospéis acu in oideachais agus i bhfolláine mo pháiste.”</i>	Tuismitheoir nó cúramóir
<i>“Cáighdeán teagaisc agus foghlama ag teacht ó ghairmí atá cáilithe go maith.”</i>	Scoil, coláiste, nó comhlacht oideachais eile

### Caighdeáin arda / gnóthachtáil / torthaí maithe / Ionchais / oideachas d’ardcháighdeán (10.2%):

<i>“I dTuaisceart Éireann bíonn ár ndaltaí scoile in uachtar go seasta ag leibhéal GCSE agus leibhéal A sa RA.”</i>	Tuismitheoir nó cúramóir
<i>“Gnóthachtáil ard acadúla.”</i>	Múinteoir, léachtóir, taighdeoir nó gairmí oideachais de chineál eile (e.g. oibrí/cleachtóir óige, cleachtóir luathbhlianta etc.)
<i>“Meas mór ar fud an RA.”</i>	Duine den phobal i gcoitinne

An timpeallacht scoile agus an t-atmaisféar inti / sláinte agus folláine mheabhrach/ tréadchúram (9.8%):

*“Tréadchúram daltaí. Mar scoil, tá ár ndícheall á dhéanamh againn riachtanais mhothúchána, choirp agus oideachais ár ndaltaí ar fad a chomhlíonadh ach aithne mhaith a chur orthu, ar a dteaghlaiigh agus ar a gcomthéacsanna. Is amhlaidh an t-éiteas sin leis an fhoireann ar fad, beag beann ar a ról. Is mór ár ngean agus ár ndáimh.”*

Múinteoir, léachtóir, taighdeoir nó gairmí oideachais de chineál eile (e.g. oibrí/cleachtóir óige, cleachtóir luathbhlianta etc.)

*“Is timpeallacht shlán shábháilte an t-estát scoile inar féidir le páistí foghlaim agus a bheith le chéile.”*

Duine eile atá fostaithe i réimse an oideachais e.g. cúntóir ceaintín, glantóir, tiománaí bus, cúntóir ranga

*“Fáil ar sheirbhísí comhairleoirachta.”*

Mac léinn sa choláiste

Inrochtaine / scoileanna áitiúla / comhionannas / infhaighteacht / pobal / scoileanna beaga / líon beag daltaí i ranganna / uileghabhálacht (7.1%):

*“Pobail láidre ar mian leo oibriú leis an oideachas a fheabhsú.”*

Comhlacht neamhrannach poiblí

*“Rochtain forleathan ar scoileanna d’ardchaighdeán.”*

Ball de Bhord Gobharnóirí scoile nó coláiste

*“Tá an tOideachas ar fheabhas mar atá sé, mar is iomaí scoil a bhfuil ag éirí go maith leo, scoileanna beaga tuaithe san áireamh. Is tábhachtach fós scoileanna beaga áitiúla dá bpobal áitiúil” (one local community each)*

Tuismitheoir nó cúramóir



Rogha ábhar / conairí / deiseanna (6.1%):

*“Tá raon leathan ábhar ar fáil faoin chreatlach teidlíochta lena gceadaítear mic léinn rogha a bheith acu agus iad ag roghnú ábhar dá gcuid staidéir ar GCSE agus ar GCE.”*

Scoil, coláiste, nó comhlacht oideachais eile

*“Na deiseanna a bhíonn á dtabhairt do dhaltáí - i réimse acadúil agus taobh amuigh den tseomra ranga - ag scoileanna agus foireann a bhíonn de shíor ag déanamh i bhfad níos mó ná a ndualgas féin.”*

Múinteoir, léachtóir, taighdeoir nó gairmí oideachais de chineál eile  
(e.g. oibrí/cleachtóir óige, cleachtóir luathbhlianta etc.)


*“Eagsúlacht i réimsí staidéir, d’ábhair agus de chúrsaí etc.”*

Dalta scoile

## Anailís de réir freagróra


52. I measc **Tuismitheoirí nó cúramóirí**, ba iad na téamaí seo a leanas a bhailigh an tacaíocht ba mhó (in ord):
1. Lucht saothair agus caighdeán an teagaisc (16.3%)
  2. Inrochtaine / scoileanna áitiúla / comhionannas / infhaighteach / pobal / scoileanna beaga / líon beag daltaí i ranganna / uileghabhálacht (11.6%)
  3. Caighdeán arda / gnóthachtáil / torthaí maithe / ionchais / oideachas d'ardchaighdeán; (10.7%)
  4. An timpeallacht scoile agus an t-atmaisféar atá inti / sláinte agus folláine mheabhrach / tréadchúram (9.4%)
  5. Saor in aisce (BSA agus Modh lompair san áireamh) (6.7%)
53. Léirítear san fhiigiúr thíos, an dóigh ar roinneadh na freagraí ó Thuismitheoirí nó cúramóirí.

**Figiúr 8** Na Buanna a shainnithin na Tuismitheoirí / cúramóirí




54. Thuairiscigh an grúpa freagróirí **Múinteoir, léachtóir, taighdeoir nó gairmí oideachais de chineál eile** (e.g. oibrí/cleachtóir óige, cleachtóir luathbhlianta etc.) an méid seo a leanas mar na buanna is fearr den chóras oideachais atá ann faoi láthair:
1. Lucht saothair agus caighdeán an teagaisc (22.9%)
  2. Caighdeán arda / gnóthachtáil / torthaí maithe / ionchais / oideachas d'ardchaighdeán
  3. An timpeallacht scoile agus an t-atmaisféar atá inti / sláinte agus folláine mheabhrach / tréadchúram (9.7%)
  4. Curaclam, measúnú, scrúduithe agus cáilíochtaí (7.8%)
  5. Inrochtaine / scoileanna áitiúla / comhionannas / infhaighteacht / pobal / scoileanna beaga / líon beag daltaí i ranganna / uileghabhálacht (6.3%)
55. Léirítear san fhiigiúr thíos, an dóigh ar roinneadh na freagraí ón fho-thacar seo de fhreagróirí.

**Figiúr 9** Na buanna a shainaitheann Múinteoirí, léachtóirí, taighdeoirí nó gairmithe oideachais de chineálacha eile (e.g. oibrí/cleachtóir óige, cleachtóir luathbhlianta etc.)



56. Is iad na rudaí seo a leanas a léirigh **Daltaí scoile** mar phríomhbhuanna an chórais oideachais:
1. Rogha na n-ábhar / conairí / deiseanna (17.1%)
  2. An timpeallacht scoile agus an t-atmaisféar atá inti / sláinte agus folláine mheabhrach / tréadchúram (12.1%)
  3. Lucht saothair agus caighdeán an teagaisc (8.6%)
  4. Scileanna / teagasc ar ábhar ar leith / úsáid na teicneolaíochta
  5. Daltaí, caidreamh sóisialta agus caidrimh le foireann (7.9%).
57. Léirítear go grafach san fhiigiúr thíos freagraí ó na daltaí.

**Figiúr 10** Na buanna a shainaithean Daltaí




## Laigí

58. Iarradh ar fhreagróirí smaoineamh ar cad iad na trí rud is laige a shamhlaíonn siad le hoideachas i dTuaisceart Éireann sa lá atá inniu ann. San iomlán, bhí 3,325 freagra ann.
59. Mar a bhí roimhe seo, rinneadh plé agus anailís ar na freagraí. Chun an anailís agus cainníochtú a dhéanamh sannadh cóid do fhreagraí, cóid a raibh baint acu leis an phríomhphointe / príomhcheist a sainaitníodh. Dá thairbhe sin, bhíothas ábalta sraith téamaí a tháinig chun cinn arís is arís eile a shainaithint agus an méid tacaíochta do gach bua a thomhas. Cuireadh na freagraí i ngrúpaí de réir na bpríomhthéamaí seo a leanas:
- Roghnú ar bhonn acadúil / aistriú scoile / córas scoile gramadaí;
  - Iontrálacha / éide / rialacha agus rialacháin scoile / iompar daltaí (le léiriú ciall an fhocail ‘iompar’) / cleachtais scoile / obair bhaile;
  - Pleanáil ceantair / eastát scoile / líon na ndaltaí i ranganna / méideanna scoile / druideadh scoileanna / easpa rogha i dtaca na scoileanna de / áiseanna / trealamh;
  - Curaclam / sainceisteanna d’ábhair sonracha / cigireacht;
  - Idirdhealú / scoileanna aonghnéis / / neamhionannas / easpa feasachta ar chúrsaí LADTA+ (LGBTQ+);
  - Córas scoilte / deighilt / easpa imeasctha / dúbláil / barraíocht earnálacha;
  - Oideachas na luathbhlianta / foghlaim shúgradhbhunaithe / aois tosaithe na scoile;
  - Scrúduithe / cáilíochtaí / barraíocht béime ar an ghnóthachtáil acadúil / nuair nach meastar go bhfuil roghanna gairme ar chomhchéim le roghanna acadúla; / barraíocht brú / easpa cruthaíochta;
  - Saincheisteanna ar Bhreisoideachas/Ardoideachas / easpa oideachais ar chúrsaí gairme / ullmhúchán don tsaol oibre;
  - Tionchar COVID-19;
  - Tionchar reiligiúin;
  - Níl an t-imeascadh ag feidhmiú / tá claonadh ann i dtreo na hearnála imeasctha;
  - Fadhbanna le múinteoirí / teagaisc fochaighdeánach / ceannaireacht / modhanna teagaisc;
  - Easpa maoinithe / míchothromaíochtaí i gcúrsaí maoinithe;

- o. Easpa tacaíochta do shláinte imheabhrach agus folláine mothúchán / tréadchúram;
  - p. Easpa tacaíochta do SRO / minicíocht SRO ag dul i méid / riachtanais shóisialta ag dul i méid;
  - q. Eile (90 fothéama lena n-áirítear neamhréireachtaí idir scoileanna; Gaeloideachas; seanchleachtas; iomaíocht; easpa indibhidiúlachais);
  - r. Caidrimh idir scoileanna agus tuismitheoirí;
  - s. Rialachas scoile / féinriail / cuntasacht;
  - t. Ualach oibre foirne / coinníollacha oibre / easpa tacaíochta / oiliúint múinteoirí;
  - u. Tacaíocht ón Roinn Oideachais / an tÚdarás Oideachais / comhlachtaí earnála etc.;
  - v. Tearcghnóthachtáil / caighdeán ísle.
60. Léirítear san fhiigiúr thíos an tacaíocht a tugadh do gach ceann de na príomhthéamaí.

**Figiúr 11** Na laigí a shainaithear na freagróirí



## Príomhlaigí

61. Luaite thíos, tá na chéad chúig laige i measc na bhfreagróirí, agus rogha sleachta a bhaineann leo, tá siad luaite thíos.

- Córás scoilte / deighilt / easpa imeasctha / dúbláil / barraíocht earnálacha (12.6%):

*“Tá sé scoilte agus ilroinnte agus tá barraíocht comhlachtaí riaracháin agus tacaíochta ann/intí.”*

Ball de Bhord Gobharnóirí scoile nó coláiste

*“Cuireadh oideachas ar fhormhór na bpáistí i scoil inarb as reiligiún amháin formhór mór na mac léinn.”*

Tuismitheoir nó cúramóir

*“Easpa scoileanna imeasctha. Is é breis agus 70% den phobal atá den tuairim gur cheart oideachas a chur ar pháistí i dteannta a chéile. Chomh maith leis sin, de réir mar is amhlaidh leis na scoileanna uilig i dTuaisceart Éireann, tá éiteas Chríostaí ag gach scoil imeasctha, rud a chiallaíonn nach bhfreastalaítear orthu siúd ó chúlraí neamh-Chríostaí (lena n-áirítear an 27% den dhaonra a deir go bhfuil siad neamhreiligiúnach).”*

Duine eile atá fostaithe i réimse an oideachais  
e.g. cúntóir ceaintín, glantóir, tiománaí bus, cúntóir ranga

- Easpa maoinithe / míchothromaíochtaí i gcúrsaí maoinithe (10.4%):

*“Maoiniú - ní leor an t-airgead a tugadh agus is minic a bhíonn an t-airgead á úsáid sna háiteanna míchearta. Ní mór tuilleadh airgid a chur isteach i SRO - go háirithe le cuidiú 1:1 a chur ar fáil do gach UILE pháiste a bhfuil gá acu léi dá n-uaireanta scoile AR FAD. Ba cheart béilí scoile a chur ar fáil saor in aisce do chách sa bhunoideachas agus sa mheánoideachas. Tuilleadh múinteoirí de dhíth.”*

Grúpa do pháistí agus daoine óga

*“Mar thuismitheoir, creidim nach leor an maoiniú idir earnálacha scoile i dTuaisceart Éireann; ní bhíonn de shíor dóthain maoinithe á thabhairt don earnáil rialaithe. Tá an comhionannas deise á shéanadh ar na páistí seo.”*

Tuismitheoir nó cúramóir

*“Níl an dóthain maoinithe a thabhairt do roinnt scoileanna ina bhfuil líon níos lú páistí a bhfuil béilí scoile saor in aisce á dtabhairt dóibh. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar an fhoirmle a úsáidtear le buiséid scoile a thabhairt amach.”*

Ball de scoil nó de Bhord Gobharnóirí coláiste

- Easpa tacaíochta do SRO / minicíocht SRO ag dul i méid / riachtanais shóisialta ag dul i méid (9.4%):

*“Tá sé de nós againn fanacht rófhada sula gcuireann muid straitéisí i bhfeidhm le haghaidh foghlaimoirí a bhfuil disléicse orthu. Cuirtear in iúl i dtaighde nua gur fearr an ráta ratha do pháistí a bhfuil disléicse orthu más luaithe a chuireann muid idirghabhálacha i bhfeidhm. Tá mé ag teagasc a oiread sin páiste atá buailte ag disléicse agus nach bhfuil diagnóis déanta orthu luath go leor; nach raibh an saineolas faighte acu le lántairbhe a bhaint as a n-eispéireas foghlama. Dúnann siad isteach ina n-intinn féin, cailleann siad suim, agus mothaíonn siad tréigthe.”*

Múinteoir, léachtóir, taighdeoir nó gairmí oideachais de chineál eile (e.g. oibrí/cleachtóir óige, cleachtóir luathbhlianta etc.)

*“Sa réimse ardoideachais ní leor an freastal a bhítear á dhéanamh ar riachtanais daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta acu.”*

Duine eile atá fostaithe i réimse an oideachais e.g. cúntóir ceaintín, glantóir, tiománaí bus, cúntóir ranga

*“Ní bhíonn páistí a bhfuil SRO acu, amhail páistí a bhfuil disléicse acu á n-aithint go luath. Is cúis náire é nach féidir ach le roinnt páistí i ngach scoil tacaíocht síceolaíochta oideachais a fháil le haghaidh measúnaithe, diagnóise agus idirghabhála. Moilleanna fada suas le dhá bhliain ar mheasúnú agus moilleanna eile fós ar idirghabháil.. Rud fíorthábhachtach is ea aird a thabhairt go luath ar aithint agus ar idirghabháil dá mbeadh an páiste le lántairbhe a bhaint as an tsaol. Neamhaird a thabhairt don fhianaise is fearr atá ar fáil.”*

Tuismitheoir nó cúramóir



- Roghnú ar bhonn acadúil / aistriú scoile / córas scoile gramadaí (7.8%):

*“Má roghnaítear páistí ag aois 11 bíonn drochthionchar ar ár sochaí i dtaca lenár gcumas le líonra scoileanna a fhorbairt ina bhfuil oideachas atá fóirsteanach do riachtanais an gheilleagair agus na bhfostóirí sa 21 aois.”*

Múinteoir, léachtóir, taighdeoir nó gairmí oideachais de chineál eile (e.g. oibrí/cleachtóir óige, cleachtóir luathbhlianta etc.)

*“Is léir go bhfuil córas aicmeach ann nuair a amharctar ar an chóras aistrithe mímhóralta - is léir go dtacaíonn sé le teaghlach mheánaicmeacha agus leo siúd arb acmhainn dóibh teagasc príobháideach a fháil fá choinne na scrúduithe aistrithe.”*

Múinteoir, léachtóir, taighdeoir nó gairmí oideachais de chineál eile (e.g. oibrí/cleachtóir óige, cleachtóir luathbhlianta etc.)

*“De bharr an roghnú ar bhonn acadúil, scartar na páistí ag 11 bhliain d’aois de réir a gcumas i dtrial de chineál áirithe. Is iomaí impleachtaí atá leis sin.”*

Tuismitheoir nó cúramóir

